

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2021/1002 ÓN gCOMHAIRLE**an 21 Meitheamh 2021****lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint do na tograí ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES.
- (2) An 9 Lúnasa 2020, reáchtáladh toghcháin uachtaránachta sa Bhealarúis, ar toghcháin iad a bhfuarthas nach raibh siad i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus gur milleadh iad i ngeall ar an mbrú faoi chois a rinneadh ar iarrthóirí neamhspleácha agus ar an gcníogbheartaíocht bhrúidiúil a imríodh ar agóideoirí síochánta i ndiaidh na dtoghchán sin. An 11 Lúnasa 2020, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú thar ceann an Aontais inar tugadh an mheasúnacht nach raibh na toghcháin saor ná cóir. Luadh freisin gurbh fhéidir bearta a dhéanamh i gcoinne na ndaoine a bhí freagrach as foréigean, gabhálacha gan údar, agus as torthaí na dtoghchán a fhalsú.
- (3) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1388 ⁽²⁾ inar ainmníodh 40 duine a sainaitníodh a bheith freagrach as cos ar bolg agus imeaglú a imirt ar léirsitheoirí síochánta, baill an fhreasúra agus iriseoirí tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020 sa Bhealarúis, agus as an místiúradh a rinne an Coimisiún Lárnach Toghchán ar an bpróiseas toghchánach do na toghcháin sin.
- (4) An 6 Samhain 2020, i bhfianaise a thromchúisí a bhí an staid sa Bhealarúis, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1650 ⁽³⁾, inar ainmníodh Aliaksandr Lukashenka agus 14 dhuine eile, ar a n-áirítear daoine óna dhlúthchiorcal.
- (5) An 17 Nollaig 2020, i ngeall ar an mbrú faoi chois a rinneadh ar an tsochaí shibhialta sa mBealarúis, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/2130 ⁽⁴⁾ inar ainmníodh 29 nduine agus seacht n-eintiteas.
- (6) I ngeall ar an ngéarú atá tagtha ar na sárúithe tromchúiseacha atáthar a dhéanamh ar chearta an duine sa Bhealarúis, mar aon leis an mbrú faoi chois tréamanta a rinneadh ar an tsochaí shibhialta, ar an bhfreasúra daonlathach, ar iriseoirí, agus orthu siúd ar de mhionlaigh náisiúnta iad, is ceart tuilleadh daoine agus eintiteas a ainmniú.
- (7) An 24 agus an 25 Bealtaine 2021, ghlac an Chomhairle Eorpach conclúidí inar cháin sí go láidir tuirlingt éigeantach eiltile de chuid Ryanair i Mionsc na Bealarúise an 23 Bealtaine 2021, teagmhas a chuir an tsábháilteacht eitlíochta i mbaol, agus coinneáil an iriseora Raman Pratasevich agus Sofia Sapega ag údaráis na Bealarúise. D'iarr sí ar an gComhairle liostuithe breise daoine agus eintiteas a ghlacadh a luaithe ab fhéidir ar bhonn an chreata ábhartha smachtbhannaí.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart seachtar, mar aon le haon eintiteas amháin, a chur ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbearta sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle,

⁽¹⁾ IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1388 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise (IO L 319I, 2.10.2020, lch. 13).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1650 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise (IO L 370I, 6.11.2020, lch. 9).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/2130 an 17 Nollaig 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise (IO L 426I, 17.12.2020, lch. 14).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear na daoine nádúrtha a leanas leis an tábla “A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagail 3(1) agus 4(1)”:

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
“89.	Natallia Mikhailauna BUHUK Natalia Mikhailovna BUGUK	Наталля Міхайлаўна БУТУК Наталья Михайловна БУТУК	Breitheamh sa Fruzensky district court in Minsk Dáta breithe: 19.12.1989 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cáil mar bhreitheamh sa Fruzensky district court in Minsk, tá Natallia Buhuk freagrach as roinnt mhaith rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne iriseoirí agus agóideoirí, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar Katsiaryna Bakhvalava (Andreyeva) agus Darya Chultsova. Tuairiscíodh sárúithe ar chearta na gcúisithe chun cosanta agus chun triail chóir a fháil le linn na dtrialacha a rinneadh faoina maoirseacht. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
90.	Alina Siarhieeuna KASIANCHYK Alina Sergeevna KASYANCHYK	Аліна Сяргеёўна КАСЬЯНЧЫК Алина Сергеевна КАСЬЯНЧИК	Ionchúisitheoir Cúnta sa Frunzensky District Court in Minsk Dáta breithe: 12.3.1998 Áit bhreithe: Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cáil mar ionchúisitheoir cúnta sa Frunzensky district court in Minsk, rinne Alina Kasianchyk ionadaíocht ar réimeas Lukashenka i gcásanna dar siocair an pholaitíocht i gcoinne iriseoirí, gníomhaithe agus agóideoirí. Go háirithe, d'ionchúisigh sí na hiriseoirí Katsiaryna Bakhvalava (Andreyeva) agus Darya Chultsova as agóidí síochánta a thaifeadadh, bunaithe ar chúisimh a bhain le ‘comhcheilg’ agus ‘an t-ord poiblí a sháru’, cúisimh a bhí gan forais. D'ionchúisigh sí comhaltaí de shochaí shibhialta na Bealarúise freisin e.g. as páirt a ghlacadh in agóidí síochánta, agus as ómós a thabhairt don agóideoir a dúnmharaíodh, Aliaksandr Taraikousky. D'iarr sí go leanúnach ar an mbreitheamh pianbhreitheanna príosúnachta fadtéarmacha a ghearradh. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
91.	Ihar Viktoravich KURYLOVICH Igor Viktorovich KURILOVICH	Ігар Віктаравіч КУРЫЛОВІЧ, Игорь Викторович КУРИЛОВИЧ	Imscrúdaitheoir Sinsearach an Frunzensky District Department of the Investigative Committee Dáta breithe: 26.9.1990 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Imscrúdaitheoir Sinsearach sa Fruzensky District Court in Minsk, bhí baint ag Ihar Kurylovich le cás coiriúil dar siocair an pholaitíocht a ullmhú i gcoinne na n-iriseoirí Katsiaryna Bakhvalava (Andreyeva) agus Darya Chultsova. Cuireadh i leith na n-iriseoirí, a thaifead agóidí síochánta, go ndearna siad sárú ar an ord poiblí agus gearradh dhá bhliain príosúnachta orthu. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
92.	Siarhei Viktaravich SHATSILA Sergei Viktorovich SHATILO	Сяргей Віктаравіч ШАЦІЛА Сергей Викторович ШАТИЛО	Breitheamh sa Sovetskiy District Court in Minsk Dáta breithe: 13.8.1989 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar bhreitheamh sa Sovetsky District Court in Minsk, tá Siarhei Shatsila freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar Natallia Hersche, Dzmitry Halko agus Dzmitry Karatkevich, a mheasann Viasna, eagraíocht chearta an duine sa Bhealarúis, a bheith ina bpríosúnaigh pholaitiúla. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
93.	Anastasia Vasileuna ACHALAVA Anastasia Vasilievna ACHALOVA	Анастасія Васільеўна АЧАЛАВА Анастасия Васильевна АЧАЛОВА	Breitheamh sa Leninsky District Court in Minsk Dáta breithe: 15.10.1992 Áit bhreithe: Minsk, Belarus Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cáil mar bhreitheamh sa Leninsky District Court in Minsk, tá Anastasia Achalava freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne iriseoirí, gníomhaithe agus agóideoirí, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar Dzmitry Kruk, comhalta den Coordination Council, agus i gcoinne foirne leighis agus seanóirí. Tuairiscíodh go rabhthas ag brath ar ráitis ó fhinnéithe anaithnide le linn na dtrialacha a rinneadh faoina maoirseacht. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
94.	Mariya Viachaslavauna YAROKHINA Maria Viacheslavovna YEROKHINA	Марыя Вячаславаўна ЯРОХІНА Мария Вячеславовна ЕРОХИНА	Breitheamh sa Frunzensky District Court in Minsk Dáta breithe: 4.7.1987 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cáil mar bhreitheamh sa Frunzensky District Court in Minsk, tá Mariya Yerokhina freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe ceardchumann, lucht spóirt agus agóideoirí, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar an iriseoir Uladzimir Hrydzin. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
95.	Yuliya Aliaksandrauna BLIZNIUK Yuliya Aleksandrovna BLIZNIUK	Юлія Аляксандраўна БЛІЗНІЮК Юлия Александровна БЛИЗНИЮК	Leas-Chathaoirleach/breitheamh sa Frunzensky District Court in Minsk Dáta breithe: 23.9.1971 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cáil mar Leas-Chathaoirleach agus breitheamh sa Frunzensky District Court in Minsk, tá Yuliya Blizniuk freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne iriseoirí, gníomhaithe agus agóideoirí, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar na gníomhaithe Artsiom Khvashcheuski, Artsiom Sauchuk, Maksim Pauliushchyk. Measann Viasna, eagraíocht chearta an duine sa Bhealarúis, gur príosúnaigh pholaitiúla na daoine sin. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
96.	Anastasia Dzmitreuna KULIK Anastasia Dmitrievna KULIK	Анастасія Дзмітрыеўна КУЛІК Анастасия Дмитриевна КУЛИК	Breitheamh sa Pervomaisky District Court of Minsk Dáta breithe: 28.7.1989 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cáil mar bhreitheamh sa Pervomaisky District Court of Minsk, tá Anastasia Kulik freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar Aliaksandr Zakharevich, a mheasann Viasna, eagraíocht chearta an duine sa Bhealarúis, a bheith ina phríosúnach polaitiúil. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
97.	Maksim Leanidavich TRUSEVICH Maksim Leonidovich TRUSEVICH	Максім Леанідавіч ТРУСЕВІЧ Максим Леонидович ТРУСЕВИЧ	Breitheamh sa Pervomaisky District Court of Minsk Dáta breithe: 12.8.1989 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar bhreitheamh sa Pervomaisky District Court in Minsk, is é Maksim Trusevich atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus agóideoirí. Tuairiscíodh sáruithe ar chearta na gcúisithe chun cosanta agus chun triail chóir a fháil le linn na dtrialacha a rinneadh faoina mhaoirseacht. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
98.	Tatsiana Yaraslavauna MATYL Tatiana Yaroslavovna MOTYL	Тацяна Яраславаўна МАТЫЛЬ Татьяна Ярославовна МОТЫЛЬ	Breitheamh sa Moskovsky District Court of Minsk Dáta breithe: 20.1.1968 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina post mar bhreitheamh sa Moskovsky District Court in Minsk, is í Tatsiana Matyl atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus agóideoirí, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar an bpolaiteoir freasúra Mikalai Statkevich agus ar an iriseoir Alexander Borozenko. Tuairiscíodh sárúithe ar chearta na gcúisithe chun cosanta agus chun triail chóir a fháil le linn na dtrialacha a rinneadh faoina maoirseacht. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
99.	Aliaksandr Anatolevich RUDZENKA Aleksandr Anatolevich RUDENKO	Аляксандр Анатольевіч РУДЗЕНКА Александр Анатольевич РУДЕНКО	Leas-Chathaoirleach an Oktyabrsky District Court of Minsk Dáta breithe: 1.12.1981 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Chathaoirleach agus mar bhreitheamh sa Oktyabrsky District Court in Minsk, tá Aliaksandr Rudzenka freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne iriseoirí, gníomhaithe agus agóideoirí, go háirithe as fineáil a ghearradh ar agóideoir scothaosta agus faoi mhíchumas, chomh maith leis an bpianbhreith arna forchur ar Lyudmila Kazak – dlíodóir Mariya Kalesnikava, ceannaire an fhreasúra sa Bhealarúis. Tuairiscíodh sárúithe ar chearta na gcúisithe chun cosanta agus chun triail chóir a fháil le linn na dtrialacha a rinneadh faoina mhaoirseacht. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
100.	Aliaksandr Aliaksandravich VOUK Aleksandr Aleksandrovich VOLK	Аляксандр Аляксандравіч ВОЎК Александр Александрович ВОЛК	Breitheamh an Sovetsky District Court of Minsk Dáta breithe: 1.8.1979 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar bhreitheamh sa Sovetsky District Court of Minsk, tá Aliaksandr Vouk freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar bheirt deirfiúracha, Anastasia and Victoria Mirontsev, a mheasann Viasna, eagraíocht chearta an duine sa Bhealarúis, a bheith ina bpríosúnaigh pholaitiúla. Tuairiscíodh sárúithe ar chearta na gcúisithe chun cosanta agus chun triail chóir a fháil le linn na dtrialacha a rinneadh faoina mhaoirseacht. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
101.	Volha Siarheeuna NIABORSKAIA Olga Sergeevna NEBORSKAIA	Вольга Сяргееўна НЯБОРСКАЯ Ольга Сергеевна НЕБОРСКАЯ	Breitheamh sa Oktyabrsky District Court of Minsk Dáta breithe: 14.2.1991 Áit bhreithe: Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cáil mar bhreitheamh sa Oktyabrsky district court in Minsk, tá Volha Niaborskaya freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta agus iriseoirí, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar Sofia Malashevich agus Tikhon Kliukach, a mheasann Viasna, eagraíocht chearta an duine sa Bhealarúis, a bheith ina bpríosúnaigh pholaitiúla. Rinneadh sárúithe ar chearta na gcúisithe le linn na dtrialacha a rinneadh faoina maoirseacht. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
102.	Marina Sviataslavauna ZAPASNIK Marina Sviatoslavovna ZAPASNIK	Марына Святаславаўна ЗАПАСНИК Марина Святославовна ЗАПАСНИК	Leas-Chathaoirleach an Court of the Leninsky District of Minsk Dáta breithe: 28.3.1982 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cáil mar Leas-Chathaoirleach agus breitheamh sa Court of the Leninsky District of Minsk, tá Marina Zapasnik freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar na gníomhaithe Vladislav Zenevich, Olga Pavlova, Olga Klaskovskaya, Viktor Barushka, Sergey Ratkevich, Aleksey Charvinskiy, Andrey Khrenkov, ar an mac léinn Viktor Aktistov, agus ar an mionaoiseach Maksim Babich. Aithníonn Viasna, eagraíocht chearta an duine sa Bhealarúis, na daoine sin go léir mar phríosúnaigh pholaitiúla. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
103.	Maksim Yurevich FILATAU Maksim Yurevich FILATOV	Максім Юр'евіч Філатаў Максим Юрьевич ФИЛАТОВ	Breitheamh sa Lida City Court Dáta breithe: Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar bhreitheamh sa Lida City Court, tá Maksim Filatau freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar an ngníomhaí Vitold Ashurok, a aithníonn Viasna, eagraíocht Bhealarúiseach um chearta an duine, mar phríosúnach polaitiúil é. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go mór den smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
104.	Andrei Vaclavavich HRUSHKO Andrei Vatslavovich GRUSHKO	Андрэй Вацлававіч ГРУШКО Андрей Вацлавович ГРУШКО	Breitheamh sa Leninsky District Court of Brest Dáta breithe: 24.1.1979 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar bhreitheamh sa Leninsky District Court of Brest, tá Andrei Hrushko freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as pianbhreith a fhorchur ar ghníomhaithe, a aithnítear a bheith ina bpríosúnaigh pholaitiúla, agus ar mhionaoisigh. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go mór den smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litirthe Bealarúisise Traslitriú an litirthe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
105.	Dzmitry Iurevich HARA Dmitry Iurevich GORA	Дзмітрый Юр'евіч ГАРА Дмитрий Юрьевич ГОРА	Cathaoirleach an Investigative Committee of Belarus (a ceapadh an 11 Márta 2021) IarIonchúisitheoir Ginearálta Republic of Belarus (go dtí an 11 Márta 2021) Dáta breithe: 4.5.1970 Áit bhreithe: Tbilisi, iarGeorgian SSR (Georgia anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Príomhionchúisitheoir go dtí Márta 2021, tá Dzmitry Hara freagrach as cásanna coiriúla dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, comhaltaí den fhreasúra, iriseoirí, na sochaí sibhialta agus gnáthshaoránach. Bhí baint ag Dzmitry Hara le himeachtaí coiriúla dar siocair an pholaitíocht a thionscnamh i gcoinne Siarhei Tsikhanousky – gníomhaí freasúra agus fear céile an iarrthóra uachtaránachta Svetlana Tsikhanouskaya. Mar Cheann an Intergovernmental Commission arna chruthú ag Office of the General Prosecutor chun gearáin ó shaoránaigh faoi mhí-úsáid cumhachtaí ag oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí a imscrúdú, tá Dzmitry Hara freagrach as neamhghníomhaíocht na hinstitiúide sin, ós rud é nach eol aon chás imscrúdúcháin den sórt sin, in ainneoin iarratais ar chásanna coiriúla a thionscnamh ina ndéantar gearán faoi úsáid foreigin, drochíde agus céastóireachta. Ó mhí an Mhárta 2021 i leith, is é an Cathaoirleach ar an Investigative Committee of Belarus é. Sa phost sin, is é atá freagrach as cosantóirí chearta an duine agus rannpháirtithe in agóidí síochánta a ionchúiseamh. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach	21.6.2021
106.	Aliaksei Kanstantsinavich STUK Alexey Konstantinovich STUK	Аляксей Канстанцінавіч СТУК Алексей Константинович СТУК	Leas-Phríomhionchúisitheoir Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 1959 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Phríomhionchúisitheoir, tá Aliaksei Stuk freagrach as cásanna coiriúla dar siocair an pholaitíocht i gcoinne an fhreasúra, iriseoirí, na sochaí sibhialta agus na ngnáthshaoránach. Tá sé freagrach as an smacht atá ag Oifig an Phríomhionchúisitheora ar ghníomhaíochtaí saoránach i gceantair agus in ionaid oibre a dhaingniú agus tá sé freagrach as freagrachtaí dlíthiúla iomarcacha a chur ar rannpháirtithe in agóidí síochánta. Dúirt sé go poiblí go bhféachfadh Oifig an Ard-Ionchúisitheora le comhlachais saoránach 'mhídhleathacha' a shainaithint agus a gcuid gníomhaíochtaí a chur faoi chois. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint den smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
107.	Genadz Iosifavich DYSKO Gennadi Iosifovich DYSKO	Генадзь Іосіфавіч ДЫСКО Геннадий Иосифович ДЫСКО	Deputy Prosecutor General Phoblacht na Bealarúise, State Counselor of Justice of the 3rd class Dáta breithe: 22.3.1964 Áit bhreithe: Oshmyany, Hrodna region, (iarUSSR) Belarus anois Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Phríomhionchúisitheoir, tá Genadz Dysko freagrach as cásanna coiriúla dar siocair an pholaitíocht i gcoinne an fhreasúra, iriseoirí, na sochaí sibhialta agus na ngnáthshaoránach. Ina theannta sin, bhí baint aige le himeachtaí coiriúla dar siocair an pholaitíocht a thionscnamh i gcoinne Siarhei Tsikhanousky – gníomhaí freasúra agus fear céile Svetlana Tsikhanouskaya a bhí ina hiarrthóir don uachtaránacht. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go mór den smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
108.	Sviatlana, Anatoleuna LYUBETSKAYA Svetlana Anatolevna LYUBETSKAYA	Святлана Анатольеўна ЛЮБЕЦКАЯ Светлана Анатольевна ЛЮБЕЦКАЯ	Comhalta den House of Representatives sa National Assembly of the Republic of Belarus, Cathaoirleach an Standing Commission on Law Dáta breithe: 3.6.1971 Áit bhreithe: iarUSSR (Ukraine anois) Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cáil mar Chathaoirleach an Parliamentary Commission on Law, tá Sviatlana Lyubetskaya freagrach as glacadh an chóid nua um sháruithe riaracháin (a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2021) lena n-údaraítear gabhálacha treallacha agus lenar forchuireadh dliteanas méadaithe i gcás rannpháirtíocht in ollimeachtaí, lena n-áirítear siombailí polaitiúla a chur ar taispeáint. Tríd na gníomhaíochtaí reachtacha seo, tá sí freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear an ceart chun comhthionóil shíochánta, agus cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. Baintear an bonn go mór den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis leis na gníomhaíochtaí reachtacha seo.	21.6.2021
109.	Aliaksei Uladzimiravich IAHORAU Alexei Vladimirovich YEGOROV	Аляксей Уладзіміравіч ЯГОРАЎ Алексей Владимирович ЕГОРОВ	Comhalta den House of Representatives sa National Assembly de chuid Phoblacht na Bealarúise, Cathaoirleach an Standing Commission on Law Dáta breithe: 16.12.1969 Áit bhreithe: Novosokolniki, Pskov region, iarUSSR (Russian Federation anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Chathaoirleach an Parliamentary Commission on Law, tá Aliaksei Iahorau freagrach as glacadh an chóid nua um sháruithe riaracháin (a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2021) lena n-údaraítear gabhálacha treallacha agus lenar forchuireadh dliteanas méadaithe i gcás rannpháirtíocht in ollimeachtaí, lena n-áirítear siombailí polaitiúla a chur ar taispeáint. Tríd na gníomhaíochtaí reachtacha seo, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear an ceart chun comhthionóil shíochánta, agus cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. Baintear an bonn go mór den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis leis na gníomhaíochtaí reachtacha seo.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
110.	Aliaksandr Paulavich AMELIANIUK Aleksandr Pavlovich OMELYANYUK	Аляксандр Паўлавіч АМЕЛЬЯНЮК Александр Павлович ОМЕЛЬЯНЮК	Comhalta den House of Representatives sa National Assembly de chuid Phoblacht na Bealarúise, Cathaoirleach an Standing Commission on Law Dáta breithe: 6.3.1964 Áit bhreithe: Kobrin, Brest region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois air) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Chathaoirleach an Parliamentary Commission on Law, tá Aliaksandr Amelianiuk freagrach as glacadh an an chóid nua um sháruithe riaracháin (a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2021) lena n-údaraithe gabhálacha treallacha agus lena forchuireadh dliteanas méadaithe i gcás rannpháirtíocht in ollimeachtaí, lena n-áirítear siombailí polaitiúla a chur ar taispeáint. Tríd na gníomhaíochtaí reachtacha seo, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear an ceart chun comhthionóil shíochánta, agus cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. Baintear an bonn go mór den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis leis na gníomhaíochtaí reachtacha seo.	21.6.2021
111.	Andrei Mikalaevich MUKAVOZCHYK Andrei Nikolaevich MUKOVOZCHYK	Андрэй Мікалаевіч МУКАВОЗЧЫК Андрей Николаевич МУКОВОЗЧИК	Breathnóir polaitiúil de chuid 'Belarus Today' ('Sovietskaia Belarus - Belarus Segodnya') Dáta breithe: 13.6.1963 Áit bhreithe: Novosibirsk, iarUSSR (Russian Federation anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir: MP 341 311 3 agus MP 2387911	Tá Andrei Mukavozchyk ar dhuine de phríomhbholscairí réimeas Lukashenka, a bhíonn ag foilsiú le 'Belarus Today', nuachtán oifigiúil an Presidential Administration. Ina chuid alt, leagtar béim go córasach ar an bhfreasúra daonlathach agus ar an tsochaí shibhialta ar bhealach diúltach dímheasúil, ag baint úsáid as faisnéis fhalsaithe. Tá seisean ar na daoine is mó is cúis leis an mbolscaireacht stáit, a thugann tacaíocht agus údar don chos ar bolg atá á himirt ar an bhfreasúra daonlathach agus ar an tsochaí shibhialta. I mBealtaine 2020, bhronn an eagraíocht Belarusian Union of Journalists atá ar son an rialtais an gradam 'Golden Pen' ar Mukavozchyk. I Nollaig 2020, bhronn ionadaithe an Belarussian Ministry of Information duais an 'Golden Letter' air. In Eanáir 2021, shínigh Lukashenka ordú lena bronnadh bonn ar Mukavozchyk as barrfheabhas san obair. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus as an tacaíocht a thugann sé don réimeas.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
112.	Siarhei Aliaksandravich GUSACHENKA Sergey Alexandrovich GUSACHENKO	Сяргей Аляксандравіч ГУСАЧЭНКА Сергей Александрович ГУСАЧЕНКО	Leas-Chathaoirleach ar an National State Television and Radio Company (Belteleradio Company) Dáta breithe: 5.11.1983 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir oifige: (+37517)- 3699015	Ina cháil mar Leas-Chathaoirleach an Belteleradiocompany, cuideachta theilifíse an Stáit, údar agus láithreoir an chláir teilifíse bolscaireachta sheachtainiúil 'Glavnyy efir', tá faisnéis bhréagach á soláthar go fonnmhar ag Siarhei Gusachenka do mhuintir na Bealarúise faoi thorthaí na dtoghchán, faoi agóidí agus faoin gcós ar bolg atá á himirt ag údarais an stáit. Tá sé freagrach as an gcaoi a gcuirtear faisnéis ar fáil faoi staid na tíre ar theilifís an Stáit, ag tacú ar an gcaoi sin leis na húdarais, lena n-áirítear Lukashenka. Mar sin, is é atá freagrach as tacú le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
113.	Genadz Branislavavich DAVYDZKA Gennadi Bronislavovich DAVYDKO	Генадзь Браніслававіч ДАВЫДЗЬКА Геннадий Брониславович ДАВЫДЬКО	Comhalta den Chamber of Representatives, Cathaoirleach an Committee on Human Rights and Media Cathaoirleach na heagraíochta polaitiúla Belaya Rus Dáta breithe: 29.9.1955 Áit bhreithe: Popovka village, Senno/Sjanno, Vitebsk Region, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir an phas: MP2156098	Mar chathaoirleach ar Belaya Rus, móreagraíocht ar son Lukashenka, tá Genadz Davydzka ar dhuine de phríomhbholscairí an réimis. Ba mhinic a bhain sé úsáid as friotal gríosaitheach agus é ag tacú le Lukashenka agus spreag sé úsáid an fhoréigin ón bhfearas stáit i gcoinne agóideoirí síochánta. Mar sin, is é atá freagrach as tacú le réimeas Lukashenka.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
114.	Volha Mikalaeuna CHAMADANAVA Olga Nikolaevna CHEMODANOVA	Вольга Мікалаеўна ЧАМАДАНАВА Ольга Николаевна ЧЕМОДАНОВА	Preas-Rúnaí an Ministry of Internal Affairs of Belarus Dáta breithe: 13.10.1977 Áit bhreithe: Minsk Region, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach Grád: Coirnéal Pas: MC1405076	Toisc gurb í an té a bhfuil an bhaint is mó aici leis na meáin sa Ministry of Internal Affairs of Belarus, tá ról ríthábhachtach ag Volha Chamadanava maidir leis na fíorais i dtaca le foréigean i gcoinne na n-agoideoirí a chur as a riocht agus aird a tharraingt díobh agus maidir le faisnéis bhréagach a scaipeadh fúthu. Rinne sí bagairt ar agoideoirí síochánta agus leanann sí d'údar a thabhairt leis an bhforéigean ina gcoinne. Toisc go bhfuil sí bainteach leis an bhfearas slándála agus go labhraíonn sí thar a cheann, tá sí ag tabhairt tacaíochta do réimeas Lukashenka.	21.6.2021
115.	Siarhei Ivanavich SKRYBA Sergei Ivanovich SKRIBA	Сяргей Іванавіч СКРЫБА Сергей Иванович СКРИБА	Leas-Seansailéir an Belarusian State Economic University for Educational Work Dáta breithe: 21.11.1964 / 1965 Áit bhreithe: Kletsk, Minsk Region, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach ríomhphost: skriba_s@bseu.by	Ina cháil mar Leas-Seansailéir an Belarusian State Economic University (BSEU) for Educational Work, tá Siarhei Skryba freagrach as smachtbhannaí a forchuireadh ar mhic léinn mar go raibh siad rannpháirteach in agóidí síochánta, lena n-áirítear iad a chur amach as an ollscoil. Cuireadh roinnt de na smachtbhannaí sin i bhfeidhm tar éis do Lukashenka a iarraidh an 27 Deireadh Fómhair 2020 go ndéanfaí mic léinn ollscoile a chur amach as an ollscoil as páirt a ghlacadh in agóidí agus i stailceanna. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
116.	Siarhei Piatrovich RUBNIKOVICH Sergei Petrovich RUBNIKOVICH	Сяргей Пятровіч РУБНІКОВІЧ Сергей Петрович РУБНИКОВИЧ	Reachtóir an Belarusian State Medical University Dáta breithe: 1974 Áit bhreithe: Sharkauschyna, Vitebsk/Viciebsk Region/ Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Reachtóir an Belarusian State Medical University, ar fhormheas Alexander Lukashenka a cheapachán, tá Siarhei Rubnikovich freagrach as an gcinneadh a rinne lucht riaracháin na hOllscoile mic léinn a chur as an ollscoil mar gur ghlac siad páirt in agóidí síochánta. Eisíodh orduithe díbeartha tar éis do Lukashenka a iarraidh an 27 Deireadh Fómhair 2020 go gcuirfí mic léinn amach as an ollscoil as páirt a ghlacadh in agóidí agus i stailceanna. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
117.	Aliaksandr Henadzevich BAKHANOVICH Aleksandr Gennadevich BAKHANOVICH	Аляксандр Генадзевіч БАХАНОВІЧ Александр Геннадьевич БАХАНОВИЧ	Reachtóir Brest State Technical University Dáta breithe: 1972 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Reachtóir an Brest State Technical University, ar fhormheas Alexander Lukashenka a cheapachán, tá Aliaksandr Bakhonovich freagrach as an gcinneadh a rinne lucht riaracháin na hOllscoile mic léinn a chur as an ollscoil mar gur ghlac siad páirt in agóidí síochánta. Eisíodh orduithe díbeartha tar éis do Lukashenka a iarraidh an 27 Deireadh Fómhair 2020 go gcuirfí mic léinn amach as an ollscoil as páirt a ghlacadh in agóidí agus i stailceanna. Tá Bakhonovich freagrach, dá bhrí sin, as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
147.	Siarhei Uladzimiravich USHAKOU Sergei Vladimirovich USHAKOV	Сяргей Уладзіміравіч УШАКОЎ Сергей Владимирович УШАКОВ	Leas-Cheann an Frunzensky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 22.8.1980 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Cheann an Frunzensky District Police Department of Minsk, a mhaoirsigh na póilíní coiriúla, tá Siarhei Ushakou freagrach as gníomhaíochtaí a fho-oifigeach, go háirithe an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh ar shaoránaigh a coinníodh i gCeantar Frunzensky i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020 agus as an gcníogbheartaíocht bhrúidiúil ghinearálta a rinneadh ar agóideoirí síochánta. Chéas oifigigh faoi mhaoirseacht dhíreach Ushakou cimithe. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
148.	Siarhei Piatrovich ARTSIOMENKA Sergei Petrovich ARTEMENKO / ARTIOMENKO	Сяргей Пятровіч АРЦЁМЕНКА Сергей Петрович АРТЁМЕНКО	Leas-Cheann Pervomaisky Police District in Minsk Dáta breithe: 26.3.1973 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Cheann an Pervomaisky Police District in Minsk, déanann Sergei Artemenko maoirseacht ar an public security police agus tá sé freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a thug fo-oifigigh dá chuid do shaoránaigh a coinníodh in Pervomaiskiy District Police Department of Minsk i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020 agus as an gcniogbheartaíocht bhrúidiúil ghinearálta a rinneadh ar agóideoirí síochánta. Sampla amháin is ea an drochíde a tugadh do Maksim Haroshin, úinéir siopa bláthanna, a gabhadh tar éis bláthanna a thabhairt do rannpháirtithe ar mhórshiúl na mban an 13 Deireadh Fómhair 2020. Chuir Artemenko brú ar na saoránaigh gan bheith rannpháirteach i léirsithe síochánta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
149.	Aliaksandr Mikhailavich RYDZETSKI Aleksandr Mikhailovich RIDETSKIY	Аляксандр Міхайлавіч РЫДЗЕЦКІ Александр Михайлович РИДЕЦКИЙ	Iar-Cheann an Oktyabrskiy District Police Department of Minsk, Ceann an Directorate of internal security of the State Forensic Examination Committee Dáta breithe: 14.8.1978 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar Cheann an Oktyabrsky District Police Department of Minsk, bhí Aliaksandr Rydzetski freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a thug a fho-oifigigh do shaoránaigh a coinníodh sa dúiche sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
150.	Dzmitry Iauhenevich BURDZIUK Dmitry Evgenevich BURDIUK	Дзмітрый Яўгеневіч БУРДЗІЮК Дмитрий Евгеньевич БУРДИУК	Ceann an Oktyabrsky District Police Department, Iar-Cheann an Partizanski District Police Department of Minsk Dáta breithe: 31.1.1980 Áit bhreithe: Brest region, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Aitheantas pearsanta: 3310180C009PB7 Pasuimhir: MP3567896	Sa phost a bhí aige mar Cheann an Partizanski District Police Department of Minsk, bhí Dzmitry Burdziuk freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghreadadh uafásach agus céasadh na n-agóideoirí síochánta agus na ndaoine ar an láthair i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. I mí na Nollag 2020 ceapadh é ina Cheann an ar an Oktyabrsky District Police Department. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
151.	Vital Vitalevich KAPILEVICH Vitaliy Vitalevich KAPILEVICH	Віталь Вітальевіч КАПІЛЕВІЧ Виталий Витальевич КАПИЛЕВИЧ	Ceann an Leninsky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 26.11.1988 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Leninsky District Police Department of Minsk, tá Vital Kapilevich freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh a coinníodh in Leninsky District Police Department. Diúltaíodh cabhair leighis do na cimithe; rinneadh imeaglú ar na paraimhíochaineoirí a tháinig chun na Roinne le go gcuirfí cosc ar chúnamh leighis a sholáthar do na cimithe. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	21.6.2021
152.	Kiryl Stanislavovich KISLOU Kirill Stanislavovich KISLOV	Кірыл Станіслававіч КІСПОЎ Кирилл Станиславович КИСЛОВ	Ceann an Zavodsky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 2.1.1979 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Zavodsky District Police Department of Minsk, tá Kiryl Kislov freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh a coinníodh in áitreabh an stáisiúin póilíneachta sin. Tá sé freagrach freisin as an méid mór cos ar bolg a imríodh ar agóideoirí síochánta, iriseoirí, gníomhaithe ar son chearta an duine, oibrithe, ionadaithe thar ceann an phobail acadúil agus daoine ar an láthair, rud a chuir a fho-oifigigh i gcrích. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	21.6.2021
153.	Siarhei Aliaksandravich VAREIKA Sergey Aleksandrovich VAREIKO	Сяргей Аляксандравіч ВАРЭЙКА Сергей Александрович ВАРЕЙКО	Ceann an Moskovski District Police Department of Minsk, iarLeas-Cheann an Zavodsky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 1.2.1980 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar Leas-Cheann an Zavodsky District Police, tá Siarhei Vareika freagrach as an íde mhídhaonna agus tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh atá á gcoinneáil ar áitreabh an Zavodsky District Police Department tar éis thoghchán uachtaránachta 2020. Tá sé freagrach freisin as gníomhaíochtaí a fho-oifigeach a bhí páirteach sa chos ar bolg a bhí á himirt go forleathan ar agóideoirí síochánta, iriseoirí, gníomhaithe ar son chearta an duine, oibrithe, ionadaithe thar ceann an phobail acadúil agus daoine ar an láthair. An 21 Nollaig 2020 ceapadh é ina Cheann ar an Moskovsky District Police Department of Minsk. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
154.	Siarhei Feliksavich DUBAVIK Sergey Feliksovich DUBOVIK	Сяргей Феліксавіч ДУБАВІК Сергей Феликсович ДУБОВИК	Leas-Cheann an Leninsky District Police Department Dáta breithe: 1.2.1974 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Leninsky District Police Department of Minsk, tá Siarhei Dubavik freagrach as an íde mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh a coinníodh in áitreabh an Leninsky District Police Department i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. Diúltaíodh cabhair leighis do na cimithe; rinneadh imeaglú ar na paraimhíochaineoirí a tháinig chun na Roinne le go gcuirfí cosc ar chúnamh leighis a sholáthar do na cimithe. Tá sé freagrach freisin as gníomhaíochtaí a fho-oifigeach a bhí páirteach sa chos ar bolg a bhí á himirt go forleathan ar agóideoirí síochánta, iriseoirí, gníomhaithe ar son chearta an duine, oibrithe, ionadaithe thar ceann an phobail acadúil agus daoine ar an láthair. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
155.	Aliaksandr Mechyslavavich ANDRYEUSKI Alexander (Alexandr) Mechislavovich ANDRIEVSKII	Аляксандр Мечыслававіч АНДРЫЕЎСКІ Александр Мечиславович АНДРИЕВСКИЙ	Leas-Cheann an Frunzensky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 29.4.1982 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Cheann an Frunzensky District Police Department in Minsk, tá Aleksandr Andryeusi freagrach as an íde mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a rinneadh ar shaoránaigh a coinníodh in áitreabh an Frunzensky District Police Department i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. Bhí na cimithe ina seasamh ar a nglúine agus a gcloigne fúthu ar feadh uaireanta an chloig, buaileadh go brúidiúil iad, agus buaileadh le taser iad. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
156.	Vital Mikhailavich MAKRYTSKI Vitalii Mikhailavich MAKRITSKII	Віталь Міхайлавіч МАКРЫЦКІ Виталий Михайлович МАКРИЦКИЙ	Leas-Cheann Oktyabrsky District Police Department of Minsk (go dtí Nollaig 17 2020). Ón 17 Nollaig 2020 - Ceann an Partizanski District Police Department of Minsk Dáta breithe: 17.2.1975 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar cheann an Oktyabrsky District Police Department of Minsk, bhí Vital Makrytski freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghreadadh uafásach agus céasadh na n-agóideoirí síochánta agus na ndaoine ar an láthair a coinníodh ar áitreabh na roinne póilíneachta sin, i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. I mí na Nollag 2020, tugadh ardú céime dó go ndearnadh de Ceann an Partizanski District Police Department of Minsk. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
157.	Yauhen Aliakseevich URUBLEUSKI Evgenii Alekseevich VRUBLEVSKII	Яўген Аляксеевіч УРУБЛЕЎСКІ ЕвгенийАлексеевич ВРУБЛЕВСКИЙ	Sáirsint Sinsearach Póilíneachta an Akrestina Offenders' Isolation Centre Dáta breithe: 28.1 1966 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar sháirsint sinsearach póilíneachta an Akrestina Offenders' Isolation Centre. Tá Yauhen Urubleuski freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a rinneadh ar shaoránaigh a coinníodh in Ionad Coinneála na gCiontóirí. De réir finnéithe agus tuarascálacha na meán, bhí sé páirteach go pearsanta i ngreadadh brúidiúil na saoránach a coinníodh i mí Lúnasa 2020. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine.	21.6.2021
158.	Mikalai Mikalaevich KARPIANKAU Nikolai Nikolaevich KARPENKOV	Мікалай Мікалаевіч КАРПЯНКОЎ Николай Николаевич КАРПЕНКОВ	Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha, Iar-Cheann an Main Department for Combating Organized Crime and Corruption of the Ministry of Internal Affairs Dáta breithe: 6.9.1968 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Main Department for Combating Organized Crime and Corruption of the Ministry of Internal Affairs, tá Mikalai Karpiankau freagrach as an íde mhídhaonna tháireach a tugadh do shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus as a ngabháil threallach agus a gcoinneáil. Léirítear fianaise go leor, idir grianghraif agus físeanna, gur thug an grúpa faoina cheannas léasadh d'agóideoirí síochánta, gur ghabh an grúpa iad agus gur bhagair sé iad le hairm thine. An 6 Meán Fómhair 2020, rinneadh Karpiankou a thairfeadh agus é ag briseadh doras gloine ina smidiríní le smachtín ag caifé fad a bhí agóideoirí síochánta i bhfolach ann agus é á gcoinneáil go brúidiúil. Foilsíodh taifead ina ndúirt sé go n-úsáidfadh a roinn airm thine i gcoinne agóideoirí. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
159.	Mikhail Viachaslavovich HRYB Mikhail Viacheslavovich GRIB	Міхаіл Вячаслававіч ГРЫБ Михаил Вячеславович ГРИБ	Ceann an Main Department of Internal Affairs of the Minsk City Executive Committee Dáta breithe: 29.7.1980 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Bhí Mikhail Hryb ina Cheann ar an Department of Internal Affairs sa Vitebsk Regional Executive Committee ó Mhí an Mhárta 2019 go Mí Dheireadh Fómhair 2020, agus ceapadh é ina dhiaidh sin ina Cheann ar an Main Department of Internal Affairs of the Minsk city Executive Committee agus sannadh an teideal maorghinearál sa militia (fórsa póilíneachta) dó. Sa cháil sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí na bhfórsaí póilíneachta, in Vitebsk region go dtí mí Dheireadh Fómhair 2020 agus i Mionsc tar éis mhí Dheireadh Fómhair 2020, lena n-áirítear cos ar bolg foréigneach ar agóideoirí síochánta, agus sárúithe ar an gceart chun comhthionóil shíochánta agus chun saoirse cainte, a rinne na fórsaí póilíneachta in Vitebsk agus Mionsc, tar éis na dtoghchán uachtaránachta sa Bhealarúis in 2020. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
160.	Viktar Genadzevich KHRENIN Viktor Gennadievich KHRENIN	Віктар Генадзевіч ХРЭНІН Виктор Геннадиевич ХРЕНИН	An tAire Cosanta Dáta breithe: 1.8.1971 Áit bhreithe: Navahrudak/ Novogrudok, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Grád: Leifteanant-Ghinearál Pasuimhir BY: KH2594621 Aitheantas pearsanta: 3010871K003PB1	Ina cháil mar Aire Cosanta na Bealarúise ón 20 Eanáir 2020, tá Viktar Khrenin freagrach as an gcinneadh a rinne Ceannasaíocht na nAerfhórsaí agus Óglaigh na hAerchosanta, ar threoracha Lukashenka, aerárthaí míleata a sheoladh an 23 Bealtaine 2021 chun an tuirlingt éigeantais ar eitilt paisinéirí FR4978 in aerfort Mhionsc a thionlacan gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Tá roinnt ráiteas poiblí déanta aige á dhearbhu go raibh sé réidh chun an t-arm a úsáid i gcoinne agóideoirí síochánta i mí Lúnasa 2020. Ina theannta sin, chuir sé i gcomórtas le cuiditheoirí na Naitsíoch iad as an úsáid a bhain siad as an mbratach stairiúil bán/dearg/bán. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois sa Bhealarúis, agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
161.	Ihar Uladzimiravich HOLUB Igor Vladimirovich GOLUB	Ігар Уладзіміравіч ГОЛУБ Игорь Владимирович ГОЛУБ	Ceannasaí an Aerfhórsa agus Óglaigh na hAerchosanta de chuid na bhFórsaí Armtha Dáta breithe: 19.11.1967 Áit bhreithe: Chernigov, Chernigovskaya oblast, iarUSSR (Ukraine anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Grád: Maor-Ghinearál Pasuimhir BY: KH2187962 Aitheantas pearsanta: 3191167E003PB1	Ina cháil mar Cheannasaí an Aerfhórsa agus Óglaigh na hAerchosanta de chuid na bhFórsaí Armtha sa Bhealarúis, tá Ihar Holub freagrach as an gcinneadh a rinne Ceannasaíocht na nAerfhórsaí agus Óglaigh na hAerchosanta, ar threoracha Lukashenka, aerárthaí míleata a sheoladh an 23 Bealtaine 2021 chun an tuirlingt éigeantais ar eitilt paisinéirí FR4978 in aerfort Mhionsc a thionlacan gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Tar éis na heachtra, rinne Ihar Holub preasráitis in éineacht le Artem Sikorsky, Stiúrthóir na Roinne Eitlíochta Iompair in Aireacht Iompair na Bealarúise, agus thug sé údar le gníomhartha údaráis eitlíochta na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois sa Bhealarúis, agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
162.	Andrei Mikalaevich GURTSEVICH Andrei Nikolaevich GURTSEVICH	Андрэй Мікалаевіч ГУРЦЕВІЧ Андрей Николаевич ГУРЦЕВІЧ	Ceann na Príomhghoirne, an Chéad Leas-Cheannasaí ar an Aerfhórsa Dáta breithe: 27.7.1971 Áit bhreithe: Baranovich, Brest Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Grád: Maor-Ghinearál Pasuimhir BY: MP3849920 Aitheantas pearsanta: 3270771C016PB2	Ina cháil mar Cheann na Príomhghoirne agus Chéad Leas-Cheannasaí an Aerfhórsa agus Óglaigh na hAerchosanta de chuid na bhFórsaí Armtha sa Bhealarúis, tá Andrei Gurtsevich freagrach as an gcinneadh a rinne Ceannasaíocht na nAerfhórsaí agus Óglaigh na hAerchosanta, ar threoracha Lukashenka, aerárthaí míleata a sheoladh an 23 Bealtaine 2021 chun an tuirlingt éigeantais ar eitilt paisinéirí FR4978 in aerfort Mhionsc a thionlacan gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Tar éis na heachtra, rinne sé preasráitis inar thug sé údar le gníomhartha údaráis eitlíochta na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois sa Bhealarúis, agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
163.	Leonid Mikalaevich CHURO Leonid Nikolaevich CHURO	Леонід Мікалаевіч ЧУРО Леонид Николаевич ЧУРО	Ard-Stiúrthóir BELAERONAVIGATSIA, fiontar de chuid an Stáit Dáta breithe: 8.7.1956 Áit bhreithe: Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir BY: P4289481 Aitheantas pearsanta: 3080756A068PB5	Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar BELAERONAVIGATSIA, tá Leonid Churo freagrach as rialú aerthráchta na Bealarúise. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tuirlingt éigeantais a dhéanamh an 23 Bealtaine 2021 ar eitilt paisinéirí FR4978 go haerfort Mhionsc gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
164.	Aliaksei Mikalaevich AURAMENKA Alexey Nikolaevich AVRAMENKO	Аляксей Мікалаевіч АЎРАМЕНКА Алексей Николаевич АВРАМЕНКО	An tAire Iompair agus Cumarsáide Dáta breithe: 11.5.1977 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir BY: MP3102183 Aitheantas pearsanta: 3110577A020PB2	Ina cháil mar Aire Iompair agus Cumarsáide na Bealarúise, tá Aliaksei Auramenka freagrach as bainistiú stáit i réimse na heitlíochta sibhialta agus as maoirseacht a dhéanamh ar rialú aerthráchta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tuirlingt éigeantais a dhéanamh an 23 Bealtaine 2021 ar eitilt paisinéirí FR4978 go haerfort Mhionsc gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
165.	Artsiom Igaravich SIKORSKI Artem Igorevich SIKORSKIY	Арцём Ігаравіч СІКОРСКІ Артем Игоревич СИКОРСКИЙ	Stiúrthóir na Roinne Eitlíochta Iompair in Aireacht Iompair na Bealarúise Dáta breithe: 1983 Áit bhreithe: Soligorsk, Minsk Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir BY: MP3785448 Aitheantas pearsanta: 3240483A023PB7	Ina cháil mar Stiúrthóir an Aviation Department of the Ministry of Transport and Communications of Belarus, tá Artsiom Sikorski freagrach as bainistiú stáit i réimse na heitlíochta sibhialta agus as maoirseacht a dhéanamh ar rialú aerthráchta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as eitilt paisinéirí FR4978 a atreorú go Mionsc an 23 Bealtaine 2021 gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus i gcoinne fhreasúra dhaonlathaigh na Bealarúise. Tar éis na heachtra, rinne sé preasráitis in éineacht le Ceannasaí an Air Force and Air Defence Forces of the Armed Forces of the Republic of Belarus, Ihar Holub, inar thug sé údar le gníomhartha údaráis eitlíochta na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois, agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
166.	Aleh Siarheevich HAIDUKEVICH Oleg Sergeevich GAIDUKEVICH	Алег Сяргеевіч ГАЙДУКЕВІЧ Олег Сергеевич ГАЙДУКЕВИЧ	Leas-Chathaoirleach an Bhuanchóiste um Ghnóthaí Idirnáisiúnta i dTeach Ionadaithe an Tionóil Náisiúnta, agus comhalta de thoscaireacht an Tionóil Náisiúnta le haghaidh teagmhálacha le Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa Dáta breithe: 26.3.1977 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Aitheantas pearsanta: 3260377A081PB9 Pasuimhir: MP2663333	Is é Aleh Haidukevich Leas-Chathaoirleach an Bhuanchóiste um Ghnóthaí Idirnáisiúnta i dTeach Ionadaithe an Tionóil Náisiúnta; is comhalta é de thoscaireacht an Tionóil Náisiúnta le haghaidh teagmhálacha le Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa. D'fhoilsigh sé ráitis phoiblí inar mhol sé an t-atreorú a rinneadh ar eitilt paisinéirí FR4978 chuig Minsk an 23 Bealtaine 2021. Cinneadh polaitiúil a bhí ansin, agus gan údar ceart ar bith leis, go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Ina theannta sin, rinne Aleh Haidukevich ráitis phoiblí inar mhol sé go bhféadfaí ceannairí freasúra na Bealarúise a choinneáil thar lear agus a iompar go dtí an Bhealarúis 'i mbúit cairr'. Ar an gcaoi sin, thacaigh sé leis an mbrú faoi chois leanúnach ag na fórsaí slándála ar fhreasúra daonlathach na Bealarúise agus ar iriseoirí. Mar sin, is é atá freagrach as tacú le réimeas Lukashenka.	21.6.2021"

(2) cuirtear na daoine dlítheanacha seo a leanas leis an tábla 'B. Daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)':

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
"8.	Sohra Group / Sohra LLC	ООО Сохра	Seoladh: Revolucyonnaya 17/19, office no. 22, 220030 Minsk, Belarus Cláruimhir: 192363182 Suíomh gréasáin: http://sohra.by/ Seoladh ríomhphoist: info@sohra.by	Tá Sohra company faoi úinéireacht Aliaksandr Zaitsau, ceann de na fir ghnó is mó tionchar sa Bhealarúis, duine a bhfuil dlúthnasc aige le bunaíocht pholaitiúil na Bealarúise agus dlúthchúntóir don mhac is sine ag Lukashenko, Viktor. Cuireann Sohra táirgí tionsclaíocha na Bealarúise chun cinn i dtíortha na hAfraice agus sa Mheán Oirthear. Chomhbhunaigh sé an chuideachta chosanta BSVT-New Technologies a bhfuil baint aici le táirgeadh arm agus nuachóiriú diúracán. Agus leas á bhaint as a staid phrìbhléide, feidhmíonn Sohra mar ionadaí idir an bhunaíocht pholaitiúil agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit na Bealarúise agus comhpháirtithe eachtracha san Afraic agus sa Mheán Oirthear. Bhí baint aige freisin le mianadóireacht óir i dtíortha na hAfraice ar bhonn lamháltas a fuair réimeas Lukashenko. Tá Sohra Group ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
9.	BREMINO GROUP, LLC	ООО 'Бремино групп'	Cláruimhir: (УНН/ИНН): 691598938 Seoladh: Niamiha 40, Minsk 220004, Belarus; Orsha region, Bolbasovo village, Zavodskaya 1k, Belarus Suíomh gréasáin: http://www.bremino.by Seoladh ríomhphoist: office@bremino.by ; marketing@bremino.by	Is é Bremino Group tionscnóir agus comhriarthóir an Bremino-Orsha special economic zone project, a cruthaíodh le foraithe ón uachtarán arna shíniú ag Aliaksandr Lukashenko. Fuair an chuideachta tacaíocht stáit chun an Bremino-Orsha zone a fhorbairt, mar aon le roinnt buntáistí eile airgeadais agus cánach agus sochair eile. Tá úinéirí Bremino Orsha - Aliaksandr Zaitsau, Mikalai Varabei agus Aliaksei Aleksin - ina gcuid de chiorcal inmheánach na bhfear gnó a bhaineann le Lukashenka agus bíonn dlúthchaidreamh acu le Lukashenka agus a theaghlach. Tá Bremina Group ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021
10.	Globalcustom Management, LLC	ООО 'Глобалкастом-менеджмент'	Seoladh: Nemiga 40/301, Minsk, Belarus Cláruimhir: 193299162 Suíomh gréasáin: https://globalcustom.by/ Seoladh ríomhphoist: info@globalcustom.by	Tá baint ag Globalcustom Management le Presidential Affairs Management, faoi cheannas Victor Sheiman, atá ainmnithe ag an Aontas ó 2004 i leith. Tá baint ag an gcuideachta le smuigléireacht earraí chun na Rúise, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan toiliú ón réimeas, a dhéanann rialú ar na gardaí teorann agus na custaim teorann. Tá an staid pribhléide in earnáil onnmhairiúcháin bláthanna chun na Rúise, rud a mbaineann an chuideachta tairbhe as, ag brath freisin ar thacaíocht don réimeas. Ba é Globalcustom Management an chéad úinéir ar GardService, an t-aon chuideachta phríobháideach ar lig Lukashenko dóibh airm a úsáid. Tá Globalcustom Management ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021
11.	Belarusski Avtomobilnyi Zavod (BelAZ) / OJSC 'BELAZ'	Bealarúiseach: ААТ «БЕЛАЗ» Rúiseach: ОАО 'БЕЛАЗ'	Seoladh: 40 let Ocityabrya street 4, 222161, Zhodino, Minsk region, Republic of Belarus Suíomh gréasáin: https://belaz.by	Tá OJSC 'Belaz' ar cheann de na príomhchuideachtaí faoi úinéireacht an stáit sa Bhealarúis agus ar cheann de na monaróirí is mó de thrucailí móra agus de thrucailí móra dumpála ar fud an domhain. Is foinse suntasach ioncaim é do réimeas Lukashenka. Dúirt Lukashenka go dtacódh an rialtas i gcónaí leis an gcuideachta agus is mar 'branda na Bealarúise' agus mar 'cuid den oidhreacht náisiúnta' a chuir sé síos uirthi. Thairg OJSC BelAZ a áitreabh agus a threalamh chun mórshiúl polaitiúil a reáchtáil chun tacú leis an réimeas. Dá bhrí sin, tá OJSC 'Belaz' ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis. Rinneadh bagairt ar fhostaithe OJSC 'Belaz' a ghlac páirt i stailceanna agus in agóidí síochánta tar éis na dtoghchán calaoiseacha sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020, a leagan as a bpost agus rinne bainistíocht na cuideachta imeagló orthu. Chuir OJSC Belaz grúpa fostaithe faoi ghlas laistigh chun cosc a chur orthu dul leis na hagóideoirí eile. Lig bainistíocht na cuideachta orthu do na meáin gur cruinniú foirne a bhí i gceist le stailc. Dá bhrí sin, tá OJSC 'Belaz' freagrach as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021

	Ainmneacha Traslitriú an litrithe Bealarúisise Traslitriú an litrithe Rúisise	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
12.	Minskii Avtomobilnyi Zavod (MAZ) / OJSC 'MAZ'	Bealarúiseach: AAT «Мінскі аўтамабільны завод» Rúiseach: ОАО 'Минский автомобильный завод'	Dáta clárúcháin: 16.7.1944 Seoladh: Belarus, 220021, Minsk, Minsk, Socialisticheskaya 2 Teil. +375172172222; +80002172222	Tá OJSC Minsk Automobile Plant ar ceann de na monaróirí gluaisteán is mó atá faoi úinéireacht an stáit sa Bhealarúis. Chuir Lukashenka síos air mar 'ceann de na fiontair tionsclaíochta is tábhachtaí sa tír'. Is foinse ioncaim é do réimeas Lukashenka. Thairg OJSC MAZ a áitreabh agus a threalamh chun mórshiúl polaitiúil a reáchtáil chun tacú leis an réimeas. Dá bhrí sin, tá OJSC 'MAZ' ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis. Rinneadh imeaglú ar fhostaithe OJSC 'MAZ' a ghlac páirt i stailceanna agus in agóidí síochánta tar éis na dtoghchán calaoiseacha sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020, agus leag bainistíocht na cuideachta as a bpost iad ina dhiaidh sin. Chuir OJSC MAZ grúpa fostaithe faoi ghlas laistigh chun cosc a chur orthu dul leis na hagóideoirí eile. Dá bhrí sin, tá MAZ freagrach as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
13.	Logex	ООО 'ЛОГЕКС'	Seoladh: 24 Kommunisticheskaya Str., office 2, Minsk, Belarus Cláruimhir: 192695465 Suíomh gréasáin: http://logex.by/ Seoladh ríomhphoist: info@logex.by	Tá baint ag Logex le Aliaksandr Shakutsin, fear gnó atá gar do réimeas Lukashenka, agus atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach. Tá baint ag an gcuideachta le honnmhairiú bláthanna chuig an Russian Federation ar phraghsanna dumpáilte, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan toiliú ón réimeas, a dhéanann rialú ar na gardaí teorann agus na custaim teorann. Tá an staid pribhléide in earnáil onnmhairiúcháin bláthanna chun na Rúise, rud a bhaineann an cuideachta tairbhe as, ag brath ar thacaíocht don réimeas. Is iad na cuideachtaí a bhfuil dlúthnasc acu le ceannaireacht na poblachta príomhsholáthraithe bláthanna gearrtha na Bealarúise. Tá Logex ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021
14.	JSC 'NNK' (Novaia naftavaia kampania) / New Oil Company	Bealarúiseach: ЗАТ 'ННК' (Новая нафтовая компания) Rúiseach: ЗАО 'ННК' (Новая нефтяная компания)–	Seoladh: Rakovska str. 14W room 7, 5th floor, Minsk, Belarus Cláruimhir: 193402282	Is eintiteas a bunaíodh i Márta 2020 é Novaya Neftnaya Kompaniya (NNK), New Oil company. Is í an t-aon chuideachta phríobháideach í atá i dteideal táirgí ola a onnmhairiú ón mBealarúis - léiriú ar dhlúthnasc leis na húdaráis agus ar an leibhéal is airde pribhléidí stáit. Tá NNK faoi úinéireacht Interservice, cuideachta atá faoi úinéireacht Mikalai Varabei atá ar cheann de na fir ghnó is mó a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis. Tuairiscítear freisin go bhfuil NNK nasctha le Aliaksei Aleksin, fear gnó mór le rá eile ón mBealarúis a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka. De réir tuarascálacha na meán, bhí Aleksin ina bhunaitheoir ar NNK taobh le Varabei. Bhain údaráis na Bealarúise úsáid as NNK freisin chun gilleagar na Bealarúise a chur in oiriúint do bhearta sriantacha a thug an tAontas isteach. Tá NNK ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021"